AMÁRAĊ

3d

Guṫ na Gaeltaċta

Foillsiṫe gaċ Diardaoin.
Nuaċtan seaċtainiúl na Gaeltaċta.
Ábar fógraíoċta agus eagarṫóireaċta ċuig:— AMÁRAĊ, Ceanannus Mór.

Iml. 11. Uiṁ. 35. 8ú Deire Fóṁair, 1965.

EAGARḞOCAL. 8-10-65.

Cúl le Gaeilge

Tá Bord Iascaiġ Ṁara ag déanaṁ obair fiúntaċ i bforbairt iascaireaċta na hÉireann. Agus tá cuma air go bfuil ag éirí go réasúnta éifeaċtaċ leis an Bord insan obair sin. Tá méadú ar táirgeaḋ na h-iascaireaċta, tá margaḋ ar fáil de fé'n-gcéadmú réasúnta den táirgeaḋ sin, agus tátar ag feabsú móḋanna breiṫ ar na h-éisc ag móḋanna leis na h-éisc a ċur ar an margaḋ. Mar sin de, is cinnte go bfuil molaḋ tuillte ag an Bord as a gcuid oibre, le roinnt blianta anuas. Aċ, tá an molaḋ sin teoranta, agus ní féidir linn dul níos fuide leis.

Nuair a bunaíoḋ an Bord bí sé le tuiscint ar aon ċuma go gcabróḋ an Bord go mór, le slánú na Gaeltaċta agus go speisialta, le obair a ṡoláṫar don ċuid den Ġaeltaċt a bí 'na gcónaí fá'n ċósta ṫiar. Tamall taréis a bunaiṫe, tugaḋ airgead fé leiṫ don Bord, amaċ as an Ċiste Forbarṫa Náisiúnta, ċun cur ar ċumas daoine ón Ḟíor-Ġaeltaċt bádaí a fáil ón Bord. Tugaḋ amaċ ceiṫre bádaí díobṫa sin, b'ḟéidir gur tugaḋ amaċ ceann nó ḋó aċ taréis an ċéad bliain. Nuair a cruṫaíoḋ gur scéim ionmolta a bí ann, agus go raċaḋ sé ċun soċar go mór don Ġaeltaċt, in ionad an scéim a leaṫnú, stopaḋ de, agus ní raiḃ aon bádaí le fáil ón Bord faoi scéim na Gaeltaċta ó ṡin. Níor dúraḋ ariaṁ cé'n fáṫ.

Anois, san am i láṫair, tá na ceantraċa Gaeltaċta agus na ceantraċa is saiḃre sa tír. Agus na ceantraċa is mó a bfuil traidisiún iascaireaċta agus raċmas iascaireaċta taoḃ ṫiar díobṫa, ar an ċoṫrom céanna. Tá na deontaisí céanna le fáil, agus na h-aiseanna céanna fá ċoinne ceannaċt bádaí ag na h-iascairí is saiḃre, fá Ḃeann Éadar, nó Dún Mór Ṫoir, agus atá ag na h-iascairí biċta páirtaimsire, gan aon raċmas ar a gcúl, atá na gcónaí i nGaeltaċt Dún na nGall, agus na Gaillime, agus fá'n Daingean. Níl ceart nó coṫrom anseo. Agus an rud a ṫarlaíonn de ġnáċ, gurb iad na hiascairí is fearr as a ḃaineas úsáid as aiseanna an Ḃoird, agus na daoine is mó atá ina ḃiṫ, ní ḃíonn siad abálta úsáid a ḃaint as, ar an áḃar naċ mbíonn an capital acu agus de ṫairḃe Dún na nGall de, ó seo amaċ, ar an áḃar naċ bfuil an traenáil acu.

Tá an rud céanna le feiceáil insan traenáil. Níl an Bord ag déanaṁ mór-iarraċt ar biṫ le traenáil ar biṫ a ċur ar fáil tré Ġaeilge, do iascairí na Fíor-Ġaeltaċta, agus go h-áiṫrid, níl aon freastal ḋá ḋéanaṁ ċun traenáil a ċur ar fáil do iascairí Dún na nGall.

Agus níos measa arís, cé go solaṫraíonn an Bord tuarascáil as Gaeilge (nuair a ṡoláṫraíonn siad tuarascáil ċor ar biṫ) tá ċuile ċosúlaċt air, ó ṫáinig an uaċtaránaċt nua i réim sa Bord, gur beag acu cúrsaí na Gaeilge, agus gur beag úsáid a ḃaintear as Gaeilge i gcúrsaí riaraċáin nó fiú aṁáin i gcúrsaí deiġleáil le pobal na Fíor-Ġaeltaċta. Aċ, is measa arís atá an scéal anois, de réir mar ṫárla an tseaċtain seo caite, nuair a cuireaḋ fógraí ins na páipéirí Béarla, ar fad, timpeall an ċósta iarṫaraċ, ag innseaċt do luċt na Gaeltaċta agus do ḋaoine eile, ċoṁ praifideaċ agus a ḃeaḋ sé bádaí gliomaċ, agus bádaí eile a ċeannaċt, agus nár cuireaḋ iad sin i bPáipéar na Gaeltaċta. Is rud é seo go dteastaíonn míniú air go poiblí, óir sé airgead poiblí atá ag coṫú an Ḃoird, agus ní miste a ḟáil amaċ, an bfuil Bord Iascaiġ Ṁara ar ceann eile de na h-údarasí poiblí a bfuil sé mar cuspóir ceillte acu cos ar bolg a imirt ar Ġaeilge.

Riaċtanaisí fá ċoinne Ionaid Forbarṫa

Tá buntaisti móna ag Gaeltaċt Gaoṫ Doḃair

Do réir ordaiṫe a rinneaḋ faoin Aċt Pleanála, 1964, tá an tír go léir roinnte fá ċoinne cúrsaí pleanála, ina naoi réagún ar leiṫ. Trí cinn acu sin go speisialta a ḃaineas leis an Ġaeltaċt — Muiġeo-Gaillim, Corcaí-Ciarraí agus Dún na nGall.

Beiḋ forbairt na réagún seo bunaiṫe cuid mór ar fad ar na h-ionaid fáis, a ainmneófar taoḃ istiġ díobṫa. Mar is óna h-ionaid seo a raċas an forbairt agus an méadú daonra agus obair fríd an ċuid eile den réagún.

Deir tuarascáil an Ċoiste Ionaid Fáis, gur rud an ċasta agus an deacair, ionaid fais seo a ṗiocaḋ amaċ, agus naċ dtig a ḋéanaṁ aċ taréis mion-ḟiosrú iomlán ar an réagún, ag tabairt aire ar leiṫ do daonra, agus fás daonra, bailte móra insan réagún, agus na seirḃísí atá ar fáil. Deir siad go bfuil an mion-scrúdú seo ar siúl ins na réagúin ar leiṫ anois, ag an Roinn Rialtas Áitiúil, agus Coṁairleoirí Pleanála, agus Fóras Forbarṫa.

Ba ċóir go gcuireaḋ seo ar a súile do luċt na Gaeltaċta, agus daoine ar cás leo an Ġaeltaċt a práinní agus atá sé, éileaṁ a gceantar s'acu-ḟéin a ċur os coṁair an ṗobail agus os coṁair na n-údarás.

Nó is féidir a ḃeiṫ iontaċ cinnte, de ṫairḃe luċt pleanála, údaráisí áitiúla, sin na Coṁairlí Condae, gurb é an Ġaeltaċt an dual is fuide siar a gcoigeall, ⁊ is beag eolas atá ag Coṁairleoirí pleanála nó ag Fóras Forbarṫa ar na ceantair seo ċor ar biṫ.

Sé is cuspóir leis an staidéar seo, fá ċoinne cúrsaí pleanála, nó na h-ionaid fáis a ḃéas i ndáiririḃ in ionad fáis siosialaċ agus geilleagraċ a aiṫint, agus a ṗiocaḋ amaċ. Fiú dá mbeaḋ na cáilíoċtaí uilig ag ceantar Gaeltaċta, ní dóiġe go bpiocfaí iad, muna mbeaḋ pobal an ċeantair sin, réiḋ lena gceantar a ċur ós coṁair an tsaoil, agus a ḃrú go teann.

Rud eile naċ mbeaḋ ḟios ag Oifigiġ agus maorflaṫas agus Coṁairleoirí eaċtrannaċa, ná ċoṁ mór agus atá pobal oibre na Gaeltaċta, nó má ṫugann siad ruaig ar an Ġaeltaċt, ní ḟeicfiḋ siad aċ pobal beag de seandaoine agus páistí. Ní ṫuigfiḋ siad coṁ gasta agus a d'ḟéadfaḋ pobal oibre a ṫeaċt aḃaile dá mbeaḋ seans ar biṫ oibre le fáil acu. Ġlacfaḋ sé go mbeiḋ daoine nó eagras ann leis an rud seo a ċur i gcionn a ċéile, agus an t-eolas a ċur os coṁair an ṗobail, agus os coṁair an ṁaorflaṫas seo.

Riaċtanaisí fáis

1. Sé an ċéad rud a ċuireas an coiste síos, ná méid an baile, mar cáilíoċt fá ċoinne fáis. Is soiléir go bfuil siad ag smaoineaṁ ar bailte atá ann ċeana, mar ionad fáis, agus deir siad go bfuil aois-teora éigin do aiseanna soisialaċ agus coṁarsanaċt, ag teastáil, agus naċ dóiġe go mbeaḋ baile naċ mbeaḋ na rudaí seo le fáil ann, abálta oibríṫeoirí a ṫarraċ ċuige agus a ċoinneáil. Aċ, admaíonn siad naċ gá do ḃaile a ḃeiṫ mór, agus dá ḃrí sin, deir siad naċ tig leo a rá, céard is aos-méid fá ċoinne baile a ṫarraingeoḋ tionscal.

Mar sin de, tig linn a ġlacaḋ naċ bfuil an coiste ag rá rud ar biṫ a ċuirfeaḋ ceantar Gort a' Ċoirce, Gaoṫ Doḃair, amaċ as fá ċoinne forbairt tionsclaċ.

2. Sé an rud is mó ar ndóiġe, a luaiṫear i dtuarascáil an ċoiste seo, nó go gcaiṫfiḋ go leor oibríṫeoirí a ḃeiṫ ar fáil, insan ċeantar féin nó taoḃ istiġ de faid ar féidir leo taisteál ċuig an obair uaiḋ. Seo an buntáiste is troime a ḃeaḋ ag áiṫ mar Gaoṫ Doḃair, nó Cloiċeannaola.

3. An triú rud a gcuireann an coiste síos air, nó an rud a dtugann siad aiseanna dúṡraiṫe air, agus luann siad tiṫe, córas uisce, séaraċas agus gairmoideaċas. Beiḋ siad seo uilig le fáil i nGaeltaċt Dún na nGall sula mbíonn faill le tionscail ar biṫ a ḃunú, nó tabairt faoi forbairt eastáit tionsclaċ.

4. Dóṫain talaiṁ fá ċoinne forbarṫa a ḃeiṫ ar fáil ar ċostas réasúnta, a ċuireann siad san ceaṫrú áiṫ. Agus é sin a ḃeiṫ suiṫe ċoṁ coṁgaraċ do bóiṫre ⁊ tiṫe agus mar sin de, agus is féidir. Bfuil dóṫain talaiṁ mar seo le fáil insan ċeantar idir Droiċead Ċroiċslí agus an Ḟalċarraċ? B'ḟéidir nár ṁiste dúinn an ċeist sin a ḟágáil foscailte, do ḋaoine as an áiṫ le freagra a tabairt. Aċ, is cinnte, dá mbeaḋ an talaṁ le fáil go mbeaḋ sé le fáil saor go leor. Aċ, ní miste a ċuiṁneaṁ naċ talaṁ curaíoċta atá ann. Aċ talaṁ a bféadfaí úsáid a ḃaint as mar suíoṁ do ṁonarcain.

5. Córais taisteál agus iompar an ċéad rud eile atá i gceist, ag an ċoiste, go h-áiṫrid iompar rialta do áṁ-áḃar agus earraí críoċnaiṫe. Sin ċeist ar b'ḟiú maċnaṁ cúramaċ a ḋéanaṁ faoi.

6. Ar uiṁir 6, cuireann an coiste síos ar tarraċ nó caiġdeán. An méid a ṫarraing an baile tionscail ċeana féin. Seo áiṫ a mbeiḋ an Ġaeltaċt siar cinnte go leor, ar an áḃar naċ raiḃ aon rud le daoine as baile 'steaċ a ṫarraingt isteaċ go dtí an Ġaeltaċt go dtí seo. Mar sin féin, ní miste féaċaint go bfuil roinnt tionscal, más beag féin iad. mar Cladyknit, agus monarcan miotóg, insan ċeantar.

Ċun cinn

Mar sin de, cífear de réir sé caiġdeán seo a leagann an coiste síos, go bféadfaḋ ceantar Ċloiċeannaola - Gaoṫ Doḃair, a ḃeiṫ go maiṫ ċun cinn i gcomparáid le ceantar ar biṫ san tír, agus go bfuil buntáiste acu naċ bfuil ag aon áiṫ eile san méid agus go bfuil oiread oibríṫe oilte traenáilte agus a d'ḟéadfaí a ḟáil, le fáil insan ċeantar seo.

Aċ. ní leor na buntáisti seo uilig go léir a ḃeiṫ ann, muna gcuirtear in iúl don ṗobal iad, agus muna gcuirtear in iúl do Oifigiġ agus luċt pleanála iad, agus anois an t-am le sin a ḋéanaṁ.

An tseaċtain seo ċugainn, cuirfiḋ muid síos ar riarú na n-eastáit tionsclaċ, agus ionaid fáis seo.

Foiriṫint ar Gaeltaċt ar son na Galltaċta

Leaċt an Dr. Barra Ó Cinnéide ag an Ard Craoḃ

Ag cruinniú cinnbliana Ard Craoḃ Conraḋ na Gaeilge noċt an Dr. Barra Ó Cinnéide (Gaeltarra Éireann) a ċuid tuairimí ar tionscal agus an Gaeltaċt.

Mol sé na miondeontaisí agus páirt sciaraċa a bí ag Gaeltarra Éireann faoin Aċt nua do mion ṫionscail sa Gaeltaċt aċ níor luaiġ sé naċ mbeaḋ aon ċabair le fáil ansin acu ó Ḟoras Tionscail—rud a ḟágas an scéal díreaċ mar bí.

"Ní foláir a ṫuiscint go soiléir naċ díreaċ ar ṁaiṫe leis na daoine a ċónaíonn sna limistéir Ġaeltaċta aṁáin is cóir, nó is gá, fóirṫint ar na limistéir sin aċ ar ṁaiṫe le leas an náisiúin ina iomláine." adúirt an Dr. Barr Ó Cinnéide, Gaeltarra Éireann, agus é ag labairt ar Tionscail agus an Ġaeltaċt."

Faoi Aċt 'um Ṫionscail na Gaeltaċta (Leasú), aċt nua a riṫeaḋ i mí Iúil, tá cead ag Gaeltarra tionscail a ḃunú sa Ġaeltaċt i gcoṁpáirtíoċt le tionsclaiṫe, trí scaireanna a ċeannaċ, agus trí ḋeontais suas le £2.000 do ḟorbairt eacnamaíoċta áitiúla a ṫabairt.

Tá scéimeanna mar seo ina gceannaítear eolas teicniúla, cumas táirgṫe agus díolaċáin, ⁊rl., trialta ċeana féin i dtíorṫa eile —an Iosrael agus an Iodáil mar ṡampla — aċ taoḃ amuiġ d'Arramara Tta., níor trialaḋ riaṁ ċeanna sa tír seo iad.

D'ḟéadfaḋ an iarraċt seo ċun an Ġaeltaċt a ḟorbairt a ḃeiṫ

(Ar lean. ar leaṫ. 6)

Aċt na Gaeltaċta ?

De ṫairḃe stailc na gClódóirí, fuaireamar ár gcóip de tuairisc oifigiúil Dáil Éireann den 29ú Meiṫeaṁ. 1965, an tseaċtain seo caiṫe. Ba é sin an lá a tugaḋ an dara léaṁ do Ḃille Tionscail na Gaeltaċta agus ar an dara léaṁ, ċoṁ maiṫ leis an Rúnaí Pairliminte, Pádraic Ó Faċtna, T.D., a ṫug an Ḃille isteaċ, níor labair aċ éinne aṁáin eile, an tUasal Mac Seoin. tar ċeann Fine Gael.

D'ḟoillsíomar ċeana, caint an Rúnaí Pairliminte ag tabairt isteaċ an Ḃille, agus tugaimíd anseo anois, caint an Uasal Mac Seoin, agus freagra an Uasal Ó Faċtna:

Ba ḃeag speisiúil a bí insan díospóireaċt, agus is rud é ar fiú do ṗobal na Gaeltaċta a ṁaċnaṁ air, a laġad spéis a ċuir Teaċtaí Dáil Éireann. ann, nuair nár labair oiread agus duine aṁáin eile faoi. Ṁiniġ an tUasal Ó Faċtna, go raiḃ sé le tuilleaḋ ball a ċeapaḋ do Ġaeltarra Éireann, toisc a éagsúlaċt a bí na cúramaí a bí ar an Ḃord. Aċ, más seo an ċúis le tuilleaḋ a ċeapaḋ, ní h-aon ḋóċas é go leaṫnófar oibreaċas an Ḃoird, aċ go speisialta agus sin an t-aon dóċas aṁáin atá ag an Ġaeltaċt. Níor tugaḋ aon leide ann cad é an polasaí oibreaċais a ḃeaḋ ag an Ḃord, nó cé acu a ḋéanfaí iarraċt ar Saoṫrú Seasta a ċur ar fáil.